Foras na Gaeilge

SEOLADH

**63 – 66 SRÁID AMIENS, BAILE ÁTHA CLIATH 1 /**

**TEACH AN GHEATA THIAR, 2-4 SRÁID NA BANRÍONA, BÉAL FEIRSTE BT1 6ED**

Teil: 01 639 8400 agus 00 44 28 90890970

Rphost: socoinne@forasnagaeilge.ie

Seoladh gréasáin: www.forasnagaeilge.ie

Dáta: 1 Samhain 2019

---

**Aighneacht: Foras na Gaeilge**
**1 Samhain 2019**
AN CHOMHAIRLE NÁISIÚNTA CURACLAIM AGUS MEASÚNACHTA – COMHAIRLIÚCHÁN
- ATHBHREITHNIÚ AR AN tSRAITH SHINSEARACH

## 1. RÉAMHRÁ

Fáiltíonn Foras na Gaeilge roimh an deis tuairimí a léiriú i leith an **Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach.** Cuireann muid fáilte roimh an deis bheith rannpháirteach leis na páirtithe leasmhara eile san earnáil sna forbairtí seo. Leagtar amach sa cháipéis seo moltaí Fhoras na Gaeilge maidir leis an athbhreithniú.

## 2. STAIR FHORAS NA GAEILGE

Bunaíodh Foras na Gaeilge i Mí na Nollag 1999, mar an comhlacht atá freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann. I measc na bhfreagrachtaí atá ar Fhoras na Gaeilge, tá tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.
Tá ról ag Foras na Gaeilge i dtaca le comhairle a chur ar lucht Rialtais, Thuaidh agus Theas, agus ar chomhlachtaí poiblí agus ghrúpaí eile sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha i ngach gnó a bhaineann leis an Ghaeilge.

## 3. FEIDHMEANNA FHORAS NA GAEILGE:

De réir Chuid 5 den reachtaíocht faoinar bunaíodh Foras na Gaeilge, an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, tá na feidhmeanna seo a leanas ag Foras na Gaeilge:

- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus sa scríbhneoireacht sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach;
- tionscadail tacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheasfar is gá;
- taighde, feachtais tionscnaimh, agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de láimh;
- téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
- tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Is de réir na feidhme "**comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach**" is mian le Foras na Gaeilge moltaí a chur i láthair ar an **Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach**.

## 4. MOLTAÍ

Tá moltaí Fhoras na Gaeilge leagtha amach bunaithe ar na mór réimsí mar atá siad sonraithe sa cháipéis chomhairliúcháin i. Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Cáipéis Comhairliúcháin, CNCM, Iúil 2019.

### 4.1 Cuspóir na sraithe sinsearaí

Tugtar cur síos ar an chuspóir don tSraith Shinsearach mar seo a leanas:

'Tá sé d'aidhm ag oideachas na sraithe sinsearaí cabhrú le gach scoláire a acmhainneacht a bhaint amach. Cuirtear ar chumas gach scoláire a eolas agus a scileanna a dhoimhniú i rith na sraithe sinsearaí agus é ag teacht in inmhe agus ag forbairt go hintleachtach, go pearsanta agus go sóisialta. Cuireann an taithí ar an oideachas sa tsraith shinsearach ar chumas na scoláirí todhchaí éagsúil agus inbhuanaithe a bheith acu, ionas gur féidir le gach scoláire tabhairt faoi shaoránacht iomlán agus ghníomhach agus páirt a ghlacadh go hiomlán agus go gníomhach sa tsochaí agus sa gheilleagar de réir mar a bhíonn sé ag foghlaim agus ag aistriú go dtí an saol i ndiaidh na scoile.' (Lch 9, Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Cáipéis Comhairliúcháin, CNCM, Iúil 2019)

**Moladh:**

Má tá an tSraith Shinsearach chun 'cabhrú le gach scoláire a acmhainneacht a bhaint amach' agus má tá an tSraith Shinsearach le tógáil 'ar an bhfoghlaim a rinne an scoláire agus é sa chóras oideachais, ón luath-óige, go dtí an bhunscoil agus ansin ar aghaidh go dtí an tsraith shóisearach' molann Foras na Gaeilge go mbeidh an Ghaeilge agus an chultúr luaite go sonrach sa chuspóir. Bheadh sé deacair ag duine saoránacht iomlán agus ghníomhach a bheith acu i sochaí na hÉireann gan staidéar a bheith déanta acu ar an Ghaeilge ag an leibhéal is mó ina scolaíocht faoi chúram an Stáit, a mbeidh siad go hiomlán comhfhiosach i leith a gcuid oideachais. Meastar go gcuideodh sé go mór le scoláirí tuiscint bheith acu ar an chultúr agus ar an teanga má tá siad chun bheith páirteach agus 'gníomhach sa tsochaí' agus 'ag aistriú go dtí an saol i ndiaidh na scoile'.

### 4.2 Fís d'fhoghlaimeoirí na sraithe sinsearaí

Tá liosta scileanna agus cáilíochtaí ó na disciplíní éagsúla luaite sa cháipéis faoin teideal seo ach ní luaitear cumas teanga in aon teanga, an dátheangachas nó an ilteangachas fiú. Tá fianaise agus taighde idirnáisiúnta ann a léiríonn go mbíonn buntáistí cognaíocha agus cumarsáide ann don scoláire dátheangach a luíonn go láidir leis na scileanna ar nós smaointeoireacht chriticiúil, cruthaitheacht agus nuálaíocht atá liostaithe sa cháipéis chomhairliúcháin. (Féach lch 11 agus 12). Cuidíonn an t-eolas breise ar struchtúr na teanga agus scileanna aistriúcháin leis na daltaí scileanna cumarsáide a fhorbairt.

**Moladh:**

Molann Foras na Gaeilge go mbeidh sé sonraithe sa liosta scileanna agus cáilíochtaí sa cháipéis go mbeidh gach scoláire dátheangach, ar a laghad, le cumas sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, mar aon le liosta de na scileanna breise a bhaineann leis an ilteangachas.

## 4.3 Teagasc agus foghlaim

Tá fís don teagasc agus don fhoghlaim sonraithe sa cháipéis agus tacaíonn Foras na Gaeilge leis an fhís sin ach go háirithe na tréithe seo a leanas:

- Cuirtear ar chumas gach scoláire foghlaim
- Tugtar aghaidh ar gach riachtanas foghlama
- Spreagtar machnamh ar an bpróiseas foghlama agus leagtar bunchloch don fhoghlaim ar feadh an tsaoil
- Tá sé bríoch don scoláire agus tá baint aige lena shaol agus leis an domhain mór.

Tacaíonn Foras na Gaeilge leis an tagairt do chur chuige de chineálacha éasgúla teagaisc agus foghlama sa cháipéis chomhairliúcháin. Measann Foras na Gaeilge go bhfuil sé ríthábhachtach go mbíonn réimse leathan modhanna in úsáid a chuideodh le scoláire an teanga a fhoghlaim ar bhealach a thacaíonn le riachtanais foghlama s'acu.

**Moladh:**

Molann Foras na Gaeilge go mbaintear úsáid as an Chreat Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha i múineadh na Gaeilge toisc go gcreideann Foras na Gaeilge go n-oireann an cur chuige do chuid mhaith de na tréithe atá luaite san fhís. Tabharfadh sé tuairim ní b'fhearr do na daltaí faoin dul chun cinn atá déanta acu agus tuiscint ar na chéad chéimeanna eile ar a gconair foghlama.

## 4.4 Conairí agus cláir

Tacaíonn Foras na Gaeilge le rannpháirtithe an athbhreithnithe maidir leis an ghá atá 'le gach tallann agus inniúlacht a aithint agus a dhearbhú sa tsraith shinsearach' go ginearálta ach go háirithe mar a bhaineann sé le cúrsaí teanga agus an Ghaeilge. Aontaíonn Foras na Gaeilge go bhféadfaí 'réimse níos leithne roghanna a bhaint amach ach na conairí atá ar fáil faoi láthair sa tsraith shinsearach a oiriúnú agus roghanna eile a chur leo'. Bheadh sé seo ábhartha sa réimse a bhaineann leis an réimse foghlama ón láthair atá luaite sa cháipéis agus meastar gur cheart tréimhsí foghlamtha sa Ghaeltacht nó tréimhsí tumoideachais iomlána a chur san áireamh.

Meastar chomh maith go bhféadfaí tógáil ar an fhoghlaim atá déanta ag scoláirí, faoi mar atá sé molta sa cháipéis, sa tsraith shóisearach agus go bhfuil bealaí aitheanta ann le gur féidir le scoláirí cáilíochtaí éagsúla a bhaint amach ie. an Creat Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha. Chuideodh sé le múinteoirí le réimse leathan cumais sa rang – spriocanna a leagan síos ag brath ar chumas an dalta.

Tá Foras na Gaeilge agus páirtithe leasmhara eile gníomhach maidir le cúrsaí gairmthreorach mar a bhaineann sé leis an Ghaeilge agus an rogha atá ar fáil do scoláirí. Meastar gur féidir é seo a fhorbairt agus a dhéanamh níos lárnaí don scoláire le linn an sraithe sinsearaí. Tá i bhfad níos mó deiseanna fostaíochta ar fáil leis an Ghaeilge sa lá atá inniu ann ná mar a bhí riamh ach ní thugtar go leor airde air sin i gcónaí agus roghanna gairmeacha á bplé.

Maidir le 'imfhálú na gclár reatha a laghdú', measann Foras na Gaeilge nár cheart aon athrú a dhéanamh ar stádas na Gaeilge mar chroí-ábhar agus go mbeidh deis ag gach scoláire staidéar a dhéanamh uirthi. Bheadh an-fhadhb ann sa Ghaeltacht agus impleachtaí ollmhór ann do thodhchaí na Gaeltachta dá mbeadh daltaí scoile in ann roghnú gan staidéar a dhéanamh ar an nGaeilge. Meastar go mbeadh sé deacair rogha d'ábhar breise a chur ar fail chomh maith i scoileanna beaga Gaeltachta agus scoileanna beaga eile o tharla nach mbeidh go leor dalta sa scoil. Creideann Foras na Gaeilge go láidir gur cheart go mbeidh an Ghaeilge mar chroí-ábhar ar na cúiseanna seo a leanas:

- Síleann formhór na ndaoine gur chóir go mbeadh Gaeilge éigeantach ag leibhéal na hardteiste, (Ipsos MRBI 2010).
- Má thugtar rogha ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí, threiseofaí ar an hargóintí a bhaineann le Gaeilge a bheith roghnach don tSraith Shóisearach agus ansin sna bunscoileanna. Bheadh impleachtaí tromchúiseacha aige sin ar thodhchaí na Gaeilge.
- Fágann an chuid is mó de na daltaí an scoil agus cumas sásúil bainte amach acu sa Ghaeilge. Bíonn siad in ann an Ghaeilge a úsáid go dtí leibhéal áirithe agus iad ag tabhairt faoi shlíte beatha éagsúla, mar shampla dlí, cuntasaíocht, miondíola agus san earnáil phoiblí. Mura mbeadh an Ghaeilge éigeantach go dtí leibhéal na Sraithe Sinsearaí thiocfadh laghdú suntasach ar líon na ndaoine atá ábalta seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. Faoi láthair, is é an bac is mó atá roimh thabhairt chun cinn an bhille teanga sa Rialtas ná nach bhféadfadh leis an stáit coinníoll a shásamh go mbeadh 20% d'oibrithe sa státchóras in inmhe feidhmiú trí Ghaeilge.
- Nuair a socraíodh teangacha a bheith roghnach don GCSE ó thuaidh, tháinig laghdú suntasach ar líon na ndaltaí a roghnaigh teangacha a dhéanamh.
- **TUARASCÁIL TAIGHDE: ATHBHREITHNIÚ AR BHEARTAS AGUS CLEACHTAS MAIDIR LE DÍOLÚINTÍ Ó STAIDÉAR NA GAEILGE.**

  **An Chigireacht, An Roinn Oideachais agus Scileanna, Iúil 2018**

  *Stádas na Gaeilge agus a tábhacht i sochaí na hÉireann*

  Tá tábhacht ar leith ag an nGaeilge ó thaobh cúrsaí sóisialta, cúrsaí staire agus cúrsaí oideachais de agus is cuid d'oidhreacht chultúrtha uathúil phobal na hÉireann í. Dá réir, tugtar stádas ar leith don nGaeilge in Éirinn agus cosnaítear í trí mhíreanna reachtaíochta éagsúla. Ainmníodh an Ghaeilge mar chéad teanga náisiúnta oifigiúil in Airteagal 8 den Bhunreacht in 1937. In Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, cuirtear stádas bunreachtúil na Gaeilge in iúl mar chéad teanga oifigiúil. San Acht Oideachais, 1998, aithnítear an fhreagracht ar leith atá ar an gcóras oideachais i gcoitinne maidir le tacú leis an nGaeilge. I Ráiteas an Rialtais ar an nGaeilge, 2006, dhearbhaigh an Rialtas go dtacaíonn sé le forbairt agus le caomhnú na Gaeilge agus na Gaeltachta. Sa bhliain 2007 aithníodh an Ghaeilge mar cheann de 23 theanga oibre oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

Atreisíonn an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* (Straitéis 20 Bliain) gealltanas an Rialtais i leith athbheochan agus slánú na teanga agus na gceantar Gaeltachta mar phobail inmharthana a labhraíonn Gaeilge. Leanann an Roinn uirthi ag cur i bhfeidhm réimse leathan de bhearta oideachais ina plean um chur i bhfeidhm na Straitéise 20 Bliain d'fhonn múineadh agus foghlaim na Gaeilge i scoileanna a chur chun cinn agus a threisiú. Tá dul chun cinn suntasach déanta ó 2010 go 2015 maidir le bearta oideachais a chur i bhfeidhm faoin Straitéis. Is léir é seo sa tuairisc is deireanaí ar dhul chun cinn a foilsíodh ar shuíomh gréasáin na Roinne in 2015.

**Moladh:**
Ba choir don Ghaeilge bheith mar chroí-ábhar sa tsraith shinsearach. Molann Foras na Gaeilge go ndéantar an Creat Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha a úsáid mar bhealach chun cáilíochtaí oiriúnacha a bhronnadh ar scoláirí. Bheadh tréimhsí Gaeltachta nó tumoideachais úsáideach chun tacú le foghlaim scoláirí agus chun tacú leis na scileanna luaite faoi 'Eolas, scileanna agus cáilíochtaí' sa cháipéis chomhairliúcháin.

Molann Foras na Gaeilge go gcuirfear níos mó béime ar chúrsaí gairmthreoracha ach go háirithe mar a bhaineann sé leis an Ghaeilge agus an rogha deiseanna atá ar fáil do scoláirí sa lá atá inniu ann. Molann Foras na Gaeilge gur cheart polasaí don Ghaeilge sa chóras oideachais ón réamhscoil go dtí an ollscoil a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm – tá eiseamláir an-mhaith ann maidir le forbairt polasaí den tsórt seo sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta a bhí bunaithe ar thaighde agus ar an staid reatha sna Gaeltachtaí.

## 4.5 Comhpháirteanna den churaclam


Aithníonn Foras na Gaeilge na tuairimí éagsúla atá luaite sa cháipéis chomhairliúcháin maidir le hábhar ba cheart bheith éigeantach agus tá ár n-eagraíocht sásta gur léirigh na rannpháirtithe go mba choir go mbeadh an Ghaeilge mar chroí- ábhar sa tsraith shinsearach. Aithníonn muid chomh maith go raibh tuairimí éagsúla léirithe mar gheall ar an Ghaeilge ach gan aon fhianaise ar na tuairimí sin nó ar an réimse tuairimí éagsúla faoi aon ábhar eile luaite sa cháipéis. Meastar nach féidir bailíocht na mbuairimh seo a mheas m.sh. d'fhéadfadh nach mbeadh duine ag iarraidh go mbeadh an Ghaeilge mar ábhar éigeantach ó tharla go gceapann sé go bhfuil sí 'deacair mar ábhar' nó eile.

Rinneadh taighde ar na mallaibh ar an cheist maidir leis an Ghaeilge bheith mar chroí-ábhar agus seo a leanas na torthaí:

- Aontaíonn 64% de dhaoine (ó gach aois) gur chóir go gcoinneofar an Ghaeilge mar chroí-ábhar ardteiste, i. a dhéanann gach dalta scoile staidéar uirthi go dtí an ardteist (Kantar Millward Browne 2019). Ní raibh ach 14% ina choinne.
- Aontaíonn 60% de dhaoine (aois 15-24) gur chóir go gcoinneofar an Ghaeilge mar chroí-ábhar ardteiste, i. a dhéanann gach dalta scoile staidéar uirthi go dtí an ardteist (Kantar Millward Browne 2019). Ní raibh ach 19% ina choinne.

De réir Suirbhé a rinne ESRI/Amárach d'Fhoras na Gaeilge in 2013 ar Dhearcthaí ar an nGaeilge, léirítear go mbíonn tacaíocht ann ar son mhúineadh na Gaeilge sna scoileanna. Mheas ceathrar as gach cúigear duine fásta sa Phoblacht gur cheart an teanga a thairiscint mar ábhar scoile. Léiríonn Fíor 7.3 thíos na torthaí ó Shuirbhé ERSI in 2013 i leith na ceiste *Ba chóir do gach páiste Gaeilge a fhoghlaim.* Léiríonn an suirbhé go bhfuil 75% de phobal Phoblacht na hÉireann den tuairim gur chóir do gach páiste Gaeilge a fhoghlaim.

**FÍOR 7.3** Comhaontacht le ráitis i dtaobh na Gaeilge sna scoileanna.




***Foinse: Suirbhé Gaeilge 2013***

Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge, Merike Darmody (ITES/ERSI), Tania Daly (Amárach Research); *Lúnasa 2015.* Le híoslódáil ó www.esri.ie. © An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta ISBN 978 0 7070 0389 4

**Moladh:**

Molann Foras na Gaeilge gan aon athrú a dhéanamh ar stádas na Gaeilge mar chroí-ábhar ardteiste mar chuid den chomhairliúchán seo ar an tsraith shinsearach. Molann Foras na Gaeilge go mbeidh an Ghaeilge, mata, agus an Bhéarla éigeantach sa tsraith shinsearach agus mar bhunchloch oideachais do gach scoláire sa chóras scolaíochta.

## 4.6 Measúnú

Tacaíonn Foras na Gaeilge leis an dearcadh atá léirithe sa cháipéis chomhairliúcháin ag múinteoirí agus tuismitheoirí maidir le córas measúnaithe a bheith oibiachtúil agus cothrom. Creideann Foras na Gaeilge go bhfuil bealaí ann chun é sin a bhaint amach ar nós an cur chuige ó thuaidh maidir le AS/A2 agus measúnú níos rialta thar thréimshe na sraithe, sna hábhair sin a bhfuil sé oiriúnach dóibh. D'fhéadfadh bealaí cruthaitheacha agus praictiúla

eile bheith ag scoláire chomh maith chun a thuiscint agus a chuid foghlama a léiriú trí mhodhanna éagsúla measúnaithe seachas é bheith bunaithe ar scrúdú aonair scríofa mar shampla. Creideann muid chomh maith go bhfuil an-bhéim sa chóras faoi láthair ar an fhoghlaim de ghlanmheabhair agus go bhfuil sé seo fíor ach go háirithe maidir le hullmhúchán do na gnéithe measúnaithe a bhaineann le scríobh agus labhairt na Gaeilge. Measann Foras na Gaeilge gur fiú don mheasúnú a bheith níos solúbtha mar shampla go mbeadh gné 'nach bhfeictear' ann sa bhéal triail (i. seachas an sraith pictiúr bheith ag an scoláire roimh ré agus píosa ullmhaithe ina leith).

Meastar trí úsáid a bhaint as macasamhail an Chreat Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha go bhféadfadh creidiúint a thabhairt d'fhoghlaim an scoláire ag leibhéil éagsúla bunaithe ar na cumais a bheadh forbartha acu thar thréimhse na sraithe. D'fhéadfadh go mbeadh an cur chuige seo iontach oiriúnach d'fhoghlaimeoirí 'dara seans' agus go mbeadh a gcuid scileanna teanga aitheanta le cáilíocht Eorpach.

**Moladh:**
Molann Foras na Gaeilge gur chóir athbhreithniú agus luacháil a dhéanamh na féidearthachtaí maidir leis an Chreat Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha nó a macasamhail a úsáid don tsraith shinsearach le measúnú a dhéanamh ar an Ghaeilge. Thabharfadh seo solúbthacht don mheasúnú agus d'fhéadfadh sé freastail ar scoláirí bunaithe ar a leibhéal cumais ie. d'fheadfadh an scoláire 'lag' i scríobh na Gaeilge teacht chun tosaigh sa Ghaeilge labhartha agus d'fheadfaí sin a thógáil san áireamh sna pointí ardteiste a bhronnfaí ar an scoláire sin. Is sampla eile é den chur chuige seo i bhfeidhm ná go bhféadfadh scoláire teacht isteach déanach sa chóras agus an chéad leibhéal den chreat a bhaint amach in ionad a bheith coinnithe amach as an rang Gaeilge ar fad. D'fhéadfadh na pointí ardteiste don scoláire sin a bheith bunaithe ar an chéad chéim den chreat.

## Daltaí T1 agus T2

Tá an cur chuige nua T1 agus T2 i bhfeidhm anois ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Tugann sin aitheantas do na riachtanais foghlama teanga éagsúla atá ag daltaí. Ba chóir deis a thabhairt do na daltaí sin forbairt iomlán a dhéanamh ar a gcuid scileanna ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí chomh maith.

**Moladh:**

Beidh dúshláin breise ann do na daltaí sa scrúdú T1 agus ar an ábhar sin, molaimid go láidir go mbeadh spreagadh breise ann do dhaltaí tabhairt faoin ábhar ag leibhéal níos dúshlánaí. D'fhéadfaí luach saothair a chur ar fáil trí phointí breise a bhronnadh mar a dhéantar sa mhatamaitic nó dhá ábhar a dhéanamh den Ghaeilge áit a mbeadh níos mó ábhar litríochta agus stair na teanga sa sonrúchán T1. Molann Foras na Gaeilge gur chóir ceist T1 agus T2 a réiteach i gcomhair leis an Roinn Oideachais agus Scileanna sula gcuirtear siollabais nua amach don Ghaeilge ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí.

## 4.7 Tuairisciú

Tacaíonn Foras na Gaeilge leis an tuairim a léiríodh sa cháipéis chomhairliúcháin i. 'go gcaithfidh an tuairisciú ar ghnóthachtáil an scoláire léiriú níos iomláine a thabhairt ar na heispéiris foghlama, eolas, scileanna, cáilíochtaí agus gnóthachtáil a bhain an scoláire amach sa tsraith shinsearach nó a d'fhéadfadh scoláire a bhaint amach i sraith shinsearach amach anseo.

**Moladh:**

Molann Foras na Gaeilge gur chóir athbhreithniú agus luacháil a dhéanamh ar na féidearthachtaí maidir leis an Chreat Eorpach d'Fhoghlaim Teangacha nó a macasamhail a úsáid don tsraith shinsearach le tuairisciú a dhéanamh ar chumas an scoláire sna hinniúlachtaí teanga uilig. Bheadh cur chuige mar seo iontach oiriúnach d'fhoghlaimeoirí 'dara seans' nó d'fhoghlaimeoirí a bheadh ag pilleadh ar an oideachas (i. an breisoideachas, printíseacht, ollscoil nó eile). Bheadh sé oiriúnach chomh maith do dhaltaí a bhfuil riachtanais ar leith oideachais acu, daltaí a thagann ó thíortha eile agus daltaí atá líofa sa Ghaeilge atá ag freastal ar scoileanna meáin Bhéarla.

## 4.8 Tosaíochtaí agus tacaíochtaí

Creideann Foras na Gaeilge gur cheart go mbeidh aon athruithe sa tsraith shinsearach bunaithe ar thaighde agus ar fhianaise – an phróiseas chomhairliúcháin seo san áireamh. Tá cuid mhór taighde coimisiúnaithe ag CNCM féin agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le ceist theagasc na Gaeilge le blianta beaga anuas, agus taighde idirnáisiúnta curtha i gcrích ar cheist seo mhúineadh teangacha. Is gá an taighde seo ar fad a chur san áireamh agus moltaí á gcur chun cinn.

Tá tagairt déanta don obair a bheadh le déanamh chun tuiscint a fháil ar na tacaíochtaí a bheadh de dhíth ó scoileanna, múinteoirí, ceannairí scoile, scoláirí agus an córas féin i gcoitinne. Bheadh an dá ghné seo iontach tábhachtach.

**Moladh:**

Molann Foras na Gaeilge go mbeidh bonn láidir taighde faoi aon leasaithe ar an tsraith shinsearach go ndéantar sin i gcomhair leis na páirtithe uilig thuas luaite. Molann Foras na Gaeilge go ndéantar tosaíocht do chur chuige measúnaithe a d'fhéadfadh a fhorbairt don Ghaeilge a bheadh oiriúnach d'fhoghlaimeoirí uile na teanga ag leibhéal na sraithe sinsearaí.

## 4.9 Mar fhocal scoir

Tá Foras na Gaeilge buíoch as an deis seo tuairimí a chur in iúl agus guíonn muid gach rath ar an CNCM agus sibh ag plé leis an obair thábhachtach seo.